Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14757/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0174(NLE)**

**POLCOM 170**
**SERVICES 27**
**WTO 214**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9981/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9979/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú<br>- Glacadh |

1. An 7 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú[1].

2. Le linn na gcruinnithe a bhí aige an 8 agus an 22 Meitheamh d'fhormheas an Coiste um an mBeartas Trádála (saineolaithe - Seirbhísí agus Infheistíochtaí) an togra seo, mar a modhnaíodh é ar bhonn togra comhréitigh ón Uachtaránacht chun athruithe riachtanacha a dhéanamh.

[1] ST 9979/22 + ADD 1

3. An 12 Iúil 2022, chinn an Chomhairle[2], mar mhír ‘A’ i gcomhréir le hAirteagal 218, mír 6, pointe a(v) CFAE, an dréachtchinneadh[3] maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa, lena toiliú a fháil.

4. An 10 Samhain 2022, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 9982/22 + ADD 1 , a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

[2] ST 9981/22
[3] ST 9982/22 + ADD 1